AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.1.2017
SWD(2017) 8 final

# DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR FORLÍONTACH

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Treoir 2004/37/CE ar chosaint oibrithe ó na priacail a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair**

{COM(2017) 11 final}
{SWD(2017) 7 final}

GA GA

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar Thogra eile chun na hiarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir ar Charcanaiginí agus ar Shó-ghineacha a leasú |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| Is féidir le nochtadh do roinnt oibreáin cheimiceacha san ionad oibre a bheith mar shiocair le hailse, an tsiocair is mó le básanna a bhaineann leis an obair in AE. Faigheann idir 7 agus 12 dhuine bás gach uair an chloig i 28 mBallstát an Aontais mar thoradh ar nochtadh roimhe sin to shubstaintí carcanaigineacha ag an obair. Chun oibrithe a chosaint ó phriacail den sórt sin, ghlac AE an Treoir ar Charcanaiginí agus ar Shó-ghineacha (CMD) ina leagtar amach céimeanna atá le glacadh chun nochtadh d'oibreáin cheimiceacha charcanaigineacha a dhíothú nó a shrianadh agus lena n-áirítear luachanna do Theorainneacha Nochta Ceirde (OEL). Ní mór, áfach, CMD a thabhairt cothrom le dáta. Tá measúnú eolaíoch agus eacnamaíoch déanta ag an gCoimisiún ar 25 oibreán cheimiceacha thosaíochta a bhfuil tuairim is 20 milliún oibrí in AE nochta dóibh. Astu sin, cumhdaíodh 13 oibreán i dtogra ón gCoimisiún roimhe seo (COM(2016)248) agus i measúnú tionchair (IA) a ghabhann leis (SWD(2016)152). Cuirtear an mhodheolaíocht chéanna i bhfeidhm sa Mheasúnú Tionchair (IA) forlíontach seo do na substaintí eile atá fanta. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Tá sé mar aidhm trí chuspóir ar leith a bhaint amach sa tionscnamh:<br>• Tuilleadh feabhais a chur ar chosaint ó nochtadh ceirde do charcanaiginí ceimiceacha san Aontas Eorpach;<br>• Éifeachtacht chreat AE a mhéadú trína thabhairt cothrom le dáta ar bhonn saineolas eolaíoch;<br>• Breis soiléireachta a áirithiú, cur chun feidhme a éascú, agus cúnamh a thabhairt cothrom iomaíochta níos fearr a chruthú d'oibreoirí eacnamaíocha trí laghdú a dhéanamh ar éagsúlachtaí i leibhéil chosanta náisiúnta. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** |
| Is féidir comhlíonadh agus forghníomhú fhorálacha CMD, agus leis sin cosaint oibrithe, a éascú agus a fheabhsú trí charcanaiginí ceirde mar shubstaintí a ghintear ó phróiseas (PGS) a shainaithint agus a liostú in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir, agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar OELanna atá ann cheana nó OELanna nua a bhunú in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir. Trí shainmhínithe comónta leordhóthanacha ar PGSanna a chur ar fáil agus OELanna náisiúnta atá ann cheana a ísliú chomh maith le bearnaí maidir le OELanna nach ann dóibh a líonadh, is féidir le beart EU cur le breis feabhais ar an mbunús íosta cosanta do gach oibrí de chuid AE i gcoinne na bpriacal a eascraíonn as nochtadh ceirde do charcanaiginí. D'fhéadfaí difríochtaí iomaíochais idir gnólachtaí atá lonnaithe i mBallstáit a bhfuil teorainnluachanna náisiúnta éagsúla acu a laghdú má bhunaítear íoscheanglais atá soiléir agus sonrach i gcomhair cosaint oibrithe i bhfoirm teorainnluachanna do na hoibreáin seo ar fud AE. Ní leor na Ballstáit beart a dhéanamh leo féin chun dul i ngleic leis na hábhair imní seo, agus dá bhrí sin is cosúil go bhfuil gá le beart ag leibhéal AE chun an cuspóir seo a bhaint amach ar aon dul le hAirteagal 5(3) de CFAE. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** |
| Sainaithníodh roinnt roghanna agus cuireadh i leataobh iad do na carcanaiginí atá cumhdaithe. Measadh go mbeadh sé díréireach iad a thoirmeasc san ionad oibre agus ní bheifí in ann cur le réiteach na bhfadhbanna a sainaithníodh ar bhealach inbhuanaithe dá mbeifí ag brath ar threoir neamhreachtach nó ar fhéinrialúchán. Bhí na tograí do roghanna reachtacha i dtaca le seacht gcinn den 12 charcanaigin (OELanna in Iarscríbhinn III agus/nó cur ar áireamh in Iarscríbhinn) bunaithe ar thorthaí ar chomhráite a bhí ag eolaithe, fostóirí, oibrithe agus ionadaithe ó Bhallstáit. I gcás fhormhór an gcarcanaiginí, rinneadh anailís ar roghanna níos déine agus ar roghanna nach raibh chomh dian. Meastar go bhfuil na roghanna a coinníodh comhlántach agus, i roinnt cásanna, go gcuirfidh siad luach breise le bearta REACH atá ann cheana. Is é an bealach is fearr chun cinnteacht dlí do pháirtithe leasmhara a bhaint amach oibreáin cheimiceacha a liostú go soiléir faoi CMD chomh maith le OELanna a cheadaíonn bainistiú a dhéanamh ar an bpriacal ó nochtadh ceirde do charcanaiginí ceimiceacha.<br>Maidir le cúig cinn de charcanaiginí atá fanta (sceitheadh ó innill díosail, dusta agus múch ó phróiseas rubair, beirilliam agus cumaisc neamhorgánacha beirilliam, 4,4'-Meitiléin-bis-(2 chloraniline) (MOCA) agus heicseaclóraibeinséin) tá beart trí leasú a dhéanamh ar CMD coinnithe siar ag an bpointe seo mar gheall ar thosca dlí nó gan seasamh comhaontaithe a bheith sa Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair. |
| **Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** |
| Tacaíonn na Comhpháirtithe Sóisialta agus na Ballstáit, a bhfuil ionadaíocht acu ar an gCoiste Comhairleach um |

| |
|---|
| Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, leis na roghanna ar fad a coinníodh. Tríd is tríd, nuair a bhí difríochtaí idir seasaimh, bhí oibrithe ag iarraidh bearta níos ‘cosantaí’ a bhrú chun cinn agus bhí fostóirí ag iarraidh bearta ‘níos éadroime’ a bhrú chun cinn. Níl áireamh an sceite ó innill díosail a breithníodh, chomh maith le dusta agus múch ó phróiseas rubair mar charcanaiginí ceirde a ghintear ó phróiseas comhaontaithe go hiomlán ag na comhpháirtithe sóisialta agus mar thoradh air sin níl aon bheart molta ag an bpointe seo maidir leis na substaintí sin. |

| **C. Tionchar na rogha tosaíochta** |
|---|
| **Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** |
| Is iad na buntáistí a bhainfidh leis an rogha thosaíochta i leith beartais cosaint níos fearr do thart ar 4 mhilliún oibrí agus soiléireacht níos fearr d’fhostóirí agus do lucht forghníomhaithe. Táthar ag súil freisin go dtiocfaidh laghdú breise ar chásanna agus ar bhásanna ailse a bhaineann leis an obair, chomh maith le laghdú ar na caillteanais i dtaobh chaighdeán na beatha d’oibrithe agus dá dteaghlaigh agus táthar ag súil freisin go sábhálfar costais chúraim sláinte aonair go díreach agus go hindíreach. Bainfidh córais slándála sóisialaí buntáiste as laghdú ar chostais chóireála i gcás ailse agus as caiteachas níos lú ar dhíomhaointeas/luathscor a bhaineann léi agus ar chúiteamh i leith galair cheirde. Is dócha go mbainfidh fostóirí buntáiste as laghdú a theacht ar neamhláithreacht agus ar chaillteanais táirgiúlachta. Taispeántar i staidéar a rinneadh ar son an Choimisiúin go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh na príomhbhuntáistí ó ‘olaí mianracha mar olaí innill spíonta’ a chur i liosta CMD de ‘shubstaintí a ghintear ó phróiseas’, agus is é an toradh a bheidh air sin go sábhálfar 880 beatha, go dtiocfaidh 90,000 de laghdú ar líon na gcásanna ailse, agus buntáiste sláinte a bhfuil luach airgid de €0.3–1.6bn curtha air a bhaineann le costais sláinte thar thréimhse 50 bliain a sheachaint. Táthar ag súil go sábhálfar 390 beatha agus go mbeidh buntáiste sláinte a bhfuil luach airgid de €118–430 milliún curtha air i gceist mar thoradh ar fhorálacha ionanálaithe agus deirmeacha OEL a bhunú do thríchlóireitiléin. |
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
| I gcás roinnt carcanaiginí, beidh tionchar ag an rogha thosaíochta ar chostais oibriúcháin d’fhiontair a mbeidh orthu bearta breise cosanta agus coisctheacha a chur i bhfeidhm. Beidh sé seo i gceist go háirithe le tríchlóireitiléin agus olaí innill spíonta, sa mhéid is go meastar go mbeidh idir €154–257 milliún i gcás tríchlóireitiléine agus €46–918 milliún i gcás olaí mianracha mar olaí innill spíonta mar chostas iomlán ar earnáil na tionsclaíochta go dtí 2069 i leith na rogha a coinníodh. Ní dhéanfaidh an pacáiste seo de roghanna tosaíochta aon oibleagáidí breise faisnéise a fhorchur ná ní thabhóidh fiontair ualaigh riaracháin sa bhreis dá bharr agus ní dócha go nginfí sé aon chostais shuntasacha chomhshaoil. |
| **Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?** |
| Rachadh méadú soiléire chun sochair do ghnólachtaí. Níltear ag súil go n-imreofar aon tionchar ar ghnóthaí atá lonnaithe i mBallstáit ina bhfuil OELanna náisiúnta mar an gcéanna leis na luachanna atá molta nó níos ísle (níos déine) ná iad. Ní raibh aon réimis níos éadroime tuartha do FBManna, nach bhfuil saor ó oibleagáidí CMD mar gur cosaint éagothrom ar oibrithe ag brath ar mhéid na cuideachta a bheadh mar thoradh air. Baineann na costais is suntasaí a bhaineann leis na roghanna a coinníodh le hinfheistíocht i gcórais dhúnta d'úsáid thríchlóireitiléine, sa mhéid go bhfuil FBManna leochaileach i leith na riachtanas do chostais chaipitil i gcomparáid le gnólachtaí níos mó. Mar sin féin, de réir théarmaí na treorach ar astaíochtaí tuaslagóirí (1999/13/CE), cairt dheonach d’úsáid fhreagrach ó Chumann Tuaslagóirí Clóirínithe na hEorpa, agus údarú REACH go háirithe, táthar ag súil go bhfuil infheistíocht déanta cheana i gcórais dhúnta. D'fhéadfadh sé go mbeadh gnólachtaí ábalta substaint mhalartach a úsáid chun an costas a bhaineann le córas dúnta a sheachaint, nó sin praghsanna a ardú. Tá córais náisiúnta OELanna bunaithe ag deich gcinn de Bhallstáit faoi láthair atá coibhéiseach le nó faoi bhun an luacha atá beartaithe do thríchlóireitiléin, a léiríonn gur chóir go mbeadh sé indéanta ag na hearnálacha lena mbaineann na costais bhreise a iompar. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Cé go gcuireann an staid reatha costais shuntasacha eacnamaíocha sa bhreis ar oibrithe mar thoradh ar a nochtadh do shubstaintí guaiseacha, maolaíonn an pacáiste de roghanna tosaíochta na caillteanais airgeadais ‘iarmhartacha’ do chórais slándála sóisialaí na mBallstát. Beidh difríochtaí idir na costais riaracháin agus forghníomhaithe a bheidh ar chórais riaracháin phoiblí de réir an stádais reatha atá ag gach oibreán ceimiceach i ngach Ballstát, ach níltear ag súil gur difríochtaí suntasacha a bheidh iontu. Sa bhreis air sin, táthar ag súil le costas a shábháil, mar go gcuirfidh socrú OELanna de chuid AE teorainn leis an riachtanas go ndéanfadh Ballstáit anailís eolaíoch ar leithligh a reáchtáil. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Bheadh tionchar dearfach ag cur chun feidhme na roghanna tosaíochta ar an margadh inmheánach arae bheadh sé ina chuidiú laghdú a dhéanamh ar dhifríochtaí iomaíochta idir gnólachtaí atá lonnaithe i mBallstáit a bhfuil leibhéil chosanta náisiúnta éagsúla acu, go n-éascódh sé comhlíonadh agus forghníomhú, a mbeadh dálaí maireachtála agus oibre níos fearr chomh maith le gnóthachain éifeachtúlachta do ghnólachtaí agus do chórais |

slándála sóisialaí náisiúnta mar thoradh air. Níor chóir go mbeadh tionchar suntasach ag an rogha a coinníodh ar iomaíochas seachtrach ghnólachtaí AE. I bhformhór na gcásanna, luíonn na roghanna a coinníodh sa réimse is ísle de na bearta coibhéiseacha atá bunaithe i dtíortha neamh-AE - a thugann le tuiscint gur féidir na bearta seo a bhaint amach, go léiríonn siad an dea-chleachtas atá ar fáil, agus ag an am céanna go bhfuil siad uaillmhianach i leith na haidhme atá leo caighdeáin arda idirnáisiúnta a shocrú i dtaca le cosaint oibrithe. Is tionchar dearfach é an tionchar ar chearta bunúsacha, go háirithe maidir le hAirteagal 2 (an ceart chun na beatha) agus Airteagal 31 (an ceart chun dálaí oibre atá ceart agus cóir a bheith aige/aici ina léirítear meas ar shláinte, sábháilteacht agus dínit an duine).

## D. Iarobair

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Dhéanfaí éifeachtacht an athbhreithnithe CMD atá beartaithe a thomhas sa chreat don mheasúnú ar an gcreat um Shláinte agus Sábháilteacht Cheirde (OSH) de chuid AE mar atá tuartha in Airteagal 17a de Threoir 89/391/CEE.

Dhéanfaí sainmhíniú sa chéad bheart meastóireachta ex-post eile (2012-2017) ar na luachanna bonnlíne (tagarmharc) agus tá seans go bhféadfaí meastóireacht ar chur chun feidhme praiticiúil na leasuithe atá molta a bhunú ar an tréimhse ina dhiaidh sin (2017-2022).